Dífhás

Is é is dífhás ann an beartas chun táirgeadh agus tomhaltas laistigh de gheilleagar a laghdú, agus é mar aidhm aige acmhainní nádúrtha a chaomhnú agus dochar don chomhshaol a íoslaghdú. Ní chiallaíonn sé seo gurb é sprioc an dífháis OTI a laghdú, ach d'fhéadfadh moilliú eacnamaíoch a bheith mar thoradh ar aistriú i dtreo córas eacnamaíoch a thugann tús áite do leas an duine agus d'inbhuanaitheacht chomhshaoil. Samhlaítear go bhfuil an fholláine níos tábhachtaí ná brabús eacnamaíoch.

Buntáistí a bhaineann le dífhás

BTrí tháirgeadh eacnamaíoch a laghdú, is féidir le dífhás cabhrú le heastóscadh acmhainní a laghdú, truailliú a laghdú ag cur le caomhnú agus inbhuanaitheacht an chomhshaoil. Le fócas ar fholláine seacha ar leathnú eacnamaíoch leanúnach, spreagann dífhás sochaithe chun tús áite a thabhairt do mheabhairshláinte, cothromaíocht oibre agus saoil, agus sástacht saoil ghinearálta, seachas saibhreas ábhartha. Trí thomhaltas foriomlán a laghdú, is féidir le dífhás maireachtáil níos airdeallaí agus níos nbhuanaithe a spreagadh, ag cabhrú le daoine aonair agus le sochaithe níos lú a ithe agus níos lú a chur amú.

Cáineadh ar an dífhás

D'fhéadfadh cúlú eacnamaíoch a bheith ann dá bharr agus bheadh pá níos ísle agus caillteanais post ann de réir mar a laghdaíonn tionscail an fórsa saothair atá acu agus de réir mar a laghdaíonn a leibhéil táirgeachta. D'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith aige ar shlí bheatha daoine agus b'fhéidir go mbeadh méadú ar an éagothroime saibhris idir an lucht oibre agus lucht an rachmais.

CC BY NC

Foinsí: www.economicsobservatory.com
https://www.weforum.org/stories/2022/06/what-is-degrowth-economics-climate-change/
https://www.bbc.com/worklife/article/20190718-degrowth